Tá na haidhmeanna sin mar a chéile leo sin i TF 2004 agus measaimid go bhfuil siad go breá feiliúnach agus á mbaint amach ag an Roinn. Rinneadh plé ar an difir idir aidhmeanna agus spriocanna i dTuairisc na Measúnóirí Seachtracha 2004 (lgh. 3-5) agus cuireadh in iúl nach raibh cur síos cruinn go leor sna cáipéisí faoi na bealaí a raibh aidhmeanna agus spriocanna á gceangal le chéile agus nár mhór soiléiriú a dhéanamh ar an ghaol a bhí eatarthu; moladh freisin cur síos níos beaichte a dhéanamh ar na bealaí a raibh measúnú le déanamh ar na spriocanna agus ar na scileanna a bhí le hinsealbhú. Aontaimid lena bhfuil ráite ag na measúnóirí sin. Níl an mioneolas seo ar fad leagtha amach i TF, rud nach mbeifí ag súil leis. Os a coinne sin, bíodh go bhfuil eolas níos mine ar an chúrsa agus ar na modúil sna blianta éagsúla leagtha amach go breá soiléir sna lámhleabhair, ní fhéadfaimis a chinntiú go bhfuil na moltaí a rinneadh i 2004 maidir le haidhmeanna, spriocanna agus scileanna curtha i gcrích fós ag an Roinn. Dealraíonn sé ó na cóipeanna de na Lámhleabhair a d’íoslódáileamar ó láithreán na Roinne go bhfuil na cáipéisi sin á leasú faoi láthair.

Tá an córas modúlach ar cheann de na hathruithe is mó a tháinig i bhfeidhm ó bhí an tAthbhreithniú deiridh ann i 2004 agus níor mhiste tuilleadh plé a bheith déanta i TF ar an tionchar a bhí agus atá ag an athrú mór seo ar an ábhar. Luaitear, mar shampla, gur tháinig laghdú ar líon na gcúrsaí (*recte*, modúl) lárnacha a bhíodh ann mar gheall ar an chóras nua teacht i réim agus go bhféachfar leis na cinn lárnacha atá ann faoi láthair a choinneáil slán, go fiú sa chás go mbíonn deacrachtaí ag ‘mic léinn dhúthrachta choinsiasacha’ leo (§2.1.1: 37-38). Tuigimid don chur chuige seo: measaimid go bhfuil sé ceangailte leis an raon leathan i gcumas na teanga atá mic léinn agus iad ag tosú amach ar an chúrsa agus go bhfuil baint aige chomh maith leis an athrú ón seanchóras ina bhféadfaí mic léinn a shruthú de réir cumais i gcúrsaí ginearálta agus i gcúrsaí onóracha. B’fhéidir gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar aidhmeanna agus spriocanna na modúl

lárnacha munar féidir le céadatán ard de na mic léinn dhúthrachtacha choinsiasacha pas a fháil iontu. Tagaimid ar ais chuig an cheist seo thíos.

Feictear dúinn nach ndéantar na téarmaí ‘cúrsaí’ agus ‘modúil’ a idirdhealú óna chéile mar is ceart sa cháipéisíocht agus molaimid go ndéanfar seo a leasú mar go bhféadfadh sé mearbhall a chur ar mhic léinn. Mar atá mínithe i TF (§2.1.5, lth. 48), tá na cúrsaí (BA, MA) comhdhéanta de mhodúil a bhfuil creidiúintí ECTS ag dul dóibh.

**Na cúrsaí**

Cuireann an Roinn cúrsaí éagsúla ar fáil agus soláthraítear teagasc agus measúnóireacht ar chúrsaí eile i bpáirt le hIonaid difriúla san Ollscoil. I measc na gcúrsaí seo, tá an BA agus MA sa Nua-Ghaeilge, an Nua-Ghaeilge don chéim BTheol, an Dioplóma sa Ghaeilge i bpáirt le hIonad na dTeangacha, agus gnéithe de shaíocht na Gaeilge don chéim Modúlach Oíche ar an Stair Áitiúil. Ina theannta sin, stiúraítear mic léinn taighde MLitt. agus PhD.

**Teagasc agus Foghlaim: Fochéimeanna**

Is é an cúrsa is mó a sholáthraíonn an Roinn ná an BA sa Nua-Ghaeilge**.** De réir na staitisticí i TF bhí 393 mac léinn cláraithe don chúrsa seo sa bhliain acadúil 2009/10, an líon is mó fochéimithe a bhí ag dul don Ghaeilge san Ollscoil go n-uige seo. Tá tuairim is 200 sa chéad bhliain, 129 sa dara bliain agus 66 sa tríú bliain. Tá an Roinn agus an Ollscoil le moladh go hard as an earcaíocht bhreá atá déanta acu chun abhantrach an ábhair a leathnú amach go mór sa tslí go bhfuil mic léinn mhaithe a d’fhreastail ar scoileanna lán-Ghaeilge i gCluain Dolcáin agus Tamhlacht ag teacht anois chun na hOllscoile le Gaeilge a dhéanamh agus go bhfuil mic léinn eile ó Chúige Laighean agus níos faide ó bhaile ag clárú chomh maith. Tréaslaimid leis an Roinn a oiread sin mac léinn a mhealladh chun an Ghaeilge a dhéanamh agus tá ardmholadh tuillte ag an fhoireann as cúrsa chomh maith agus chomh spreagúil sin a chur ar fáil dá gcuid mac léinn.

Molaimid go láidir don Ollscoil cáipéisí oifigiúla staitisticiúla a chur ar fáil do mheasúnóirí seachtracha ar líon na mac leinn ar gach cúrsa agus gach modúl sa tslí gur féidir lorg na mac léinn agus líon na dteipeanna a leanstan ó bhliain go bliain. Bhraitheamar go raibh sé deacair míniú a fháil ar an titim i líon na mac léinn thar na blianta, go háirithe an titim ó 129 go 66 idir an dara bliain agus an tríú bliain.

***Na Modúil***

Is léir ar líon ard na mac léinn agus ar an aiseolas a fuaireamar i rith na cuairte gur cúrsa den scoth é an chéim BA a bhfuil bun an-mhaith praiticiúil agus acadúil faoi. Trí mhodúl éigeanntacha agus dhá mhodúl roghnacha (de ghnáth) atá le déanamh ag mic léinn i mblianta éagsúla na céime. Leagtar béim ar insealbhú na teanga tríd an chúrsa ar fad agus tá na modúil eile, idir mhodúil éigeantacha agus mhodúil roghnacha, leagtha amach sa tslí gur féidir na haidhmeanna ginearálta eile a luadh thuas a bhaint amach.

Is mór an teist é ar ghairmiúlacht, ar dháiríreacht agus ar dhianobair na foirne go dtairgítear raon leathan modúl roghnacha sa dara agus sa tríú bliain chomh maith leis na modúil riachtanacha. Tugann seo idir leithne agus solúbthacht don chúrsa a fhágann go mbíonn deis ag mic léinn breis eolais a chur ar ghnéithe de shaíocht na Gaeilge a bhfuil spéis faoi leith acu iontu agus a chuidíonn leo, má thograíonn siad, leanstan ar aghaidh chun iarchéim agus taighde a dhéanamh ag deireadh an chúrsa.

Bíodh go bhfuil an chothromaíocht idir an phraiticiúlacht agus an acadúlacht ag feidhmiú go maith faoi láthair, ní mór a bheith san airdeall gan dí-intleachtú a dhéanamh ar a bhfuil á thairiscint. Tugadh le fios go raibh ochtó mac léinn ag freastal ar an mhodúl nua lárnach NG220 (Literature and Late Medieval Society: The Case of North-West Ireland) a bhfuil cúig phointe creidmheasa ag dul dó agus gur féidir mar sin staidéar níos doimhne a dhéanamh ar ábhar an mhodúil seo. Ba chóir, b'fhéidir, tuilleadh modúl dá leithéid a bheith ar fáil, is é sin níos lú modúl lárnacha a bheith ann ag leibhéal níos doimhne. Dealraíonn sé ó TF nach bhfuil aon mhodúl éigeantach ann i mbliain dheiridh na céime ina gcaithfidh mic léinn miontráchtas taighde a dhéanamh. Tá a leithéid le fáil coitianta in Ollscoileanna eile. Ní hé amháin go dtugann sé deis do mhic léinn scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar ábhar faoi leith, foghlaimíonn siad scileanna taighde ag an am céanna agus mealltar iad chun dul ar aghaidh le hiarchéimeanna a dhéanamh chomh maith. Thugamar faoi deara, áfach, go bhfuil 100% de na marcanna ag dul ar mheasúnú leanúnach i bhfoirm móraiste i gcás roinnt modúl roghnacha sa dara agus sa tríú bliain (m.sh., NG207, NG220, NG319).

Is deacair faoi láthair modúil eile lárnacha a bheith ann a bhfuil an doimhneacht iontu a bhfuiltear ag trácht air anseo: tá modúil lárnacha ann gach seimeastar cheana féin atá dírithe ar scileanna sásúla a bhaint amach i labhairt agus i scríobh na Gaeilge agus ar bhunábhair eile (An

Fhoghraíocht, an Nua-Ghaeilge Mhoch, An Béaloideas) agus lena chois sin tá cuid mhór modúl roghnacha ann. Níor mhór b'fhéidir líon na modúl riachtanacha a mhéadu agus líon na modúl roghnacha a laghdú chun cur leis an doimhneacht. Ba chóir sa chomhthéacs seo tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an mhodúl nua Gaeltachta atá á bheartú agus ar líon na bpoinntí creidmheasa a bheadh ag dul dó. Molaimid don Roinn ceist seo na cothromaíochta idir praiticiúlacht agus acadúlacht a iniúchadh arís.

Cuirtear na modúil i láthair go héifeachtach ar bhealaí éagsúla – léachtaí, ranganna teagaisc, ranganna teanglainne agus ranganna oidis. Baintear úsáid as billeoga eolais, uasteilgeoirí, Powerpoint, ábhar taifeadta, agus as modhanna teicneolaíochta nua-aimseartha ar nós Múdal (Moodle).

***Ranganna Teagaisc, Ranganna Teanglainne agus Ranganna Oidis***

Chun an aidhm bhunúsach i dtaca le cumas i labhairt agus scríobh na Gaeilge a chothú, tá modúil riachtanacha feiliúnacha le déanamh gach seimistear gach bliain; agus chun scileanna léitheoireachta agus critice a chothú, tá modúil dírithe ar an ábhar seo lárnach ó thús go deireadh an chúrsa chomh maith. Chuige sin caithfidh mic léinn freastal ar rang teagaisc agus ar rang teanglainne uair sa tseachtain gach bliain agus ar rang oidis uair sa choicíos sa chéad bhliain, agus uair sa tseachtain sa dara agus sa tríú bliain.

Bhí na mic léinn ar labhramar leo an-mholtach ar na léachtaí agus cheapadar go raibh an-tábhacht leis na ranganna teagaisc agus oidis. Is iad na teagascóirí a thugann na ranganna seo don mhórchuid agus bíonn na mic léinn roinnte i ngrúpaí a bhfuil idir deichniúr agus cúig dhuine dhéag iontu. Chomh maith le mic léinn a bhfuil ardchumas acu sa teanga, tá mic léinn ann atá lag go maith i dtaca le tuiscint, labhairt agus scríobh beacht na Gaeilge. Is dá bharr sin a cuireadh léachtaí gramadaí agus ranganna teagaisc ar bun in gach bliain den chéim. Tá ag éirí ar an mórgóir leis na ranganna teagaisc caighdeán na Gaeilge a fheabhsú, rud a léiríonn an t-ardú sa ráta pas sa chéad bhliain agus an t-aiseolas a chuir na mic léinn ar fáil dúinn faoi na ranganna seo agus faoin fheabhas a bhí tagtha ar a gcuid Gaeilge i rith an chúrsa. Ina dhiaidh sin, tá fadhbanna ann i gcónaí maidir leis an chéadatán mac léinn nach n-éiríonn leo caighdeán sásúil a bhaint amach. Má bhíonn an iomarca díobh seo ann d'fhéadfaí go dtiocfadh ísliú ar an chaighdeán pas. Feictear dúinn nár tharla seo fós agus tá an Roinn le moladh as a bheith diongbháilte maidir leis an chaighdeán a chur i bhfeidhm.

Bhí cuid de na mic léinn ar labhramar leo den tuairim gur cóir sruthú a dhéanamh ar na ranganna teagaisc agus oidis. Mheasadar go mbeadh a leithéid de leagan amach níos dúshlánaí do na mic léinn maithe mar go dtabharfadh sé deis dóibh cur go mór lena gcuid scileanna gramadaí agus ceapadóireachta agus thabharfadh sé níos mó ama do na mic léinn laga díriú ar bhunscileanna gramadaí a fhorbairt. Molaimid don Roinn an cheist seo a phlé arís. Is moladh é a bhí ag na measúnóirí seachtracha i 2004 chomh maith.

Tá sé tábhachtach go gclúdóidh na teagascóirí agus na léachtóirí an t-ábhar céanna gach seachtain agus go mbeidh na tuiscintí céanna acu, a bheag nó a mhór, ar an ábhar atá idir camáin. Tuigimid go bhfuil clár na léachtaí agus na ranganna oidis leagtha amach go soiléir do na modúil éagsúla, agus go mbíonn teagmhail rialta ag an fhoireann bhuan leis na teagascóirí leis na ranganna atá faoina gcúram a phlé. De réir an aiseolais a fuaireamar ó na mic léinn, áfach,  ní i gcónaí a leantar do na tuiscintí céanna sa chur i láthair. Ar a bharr sin, tógadh ceist faoi chumas na dteagascóirí uile déileáil go héifeachtach lena raibh le déanamh. Ní mór mar sin súil ghéar a choinneáil ar chúlra agus ar chumas na dteagascóirí agus an traenáil chuí a thabhairt dóibh siúd a cheaptar.

Bhíodh rang oidis ann gach seachtain sa chéad bhliain sna blianta atá thart agus molaimid go bhféachfar chuige pilleadh air sin a luaithe agus is féidir chun a chinntiú go n-insealbhófar na scileanna critice litríochta atá mar bhunaidhm lárnach den chúrsa. Poinnte eile a tháinig chun cinn is ea go gcaitheann cuid de na teagascóirí leis an rang oidis amhail is gur léacht a bheadh ann agus nach mbíonn deis ag mic léinn a gcuid tuairimí a nochtadh ar an ábhar atá idir camáin. Cheap na mic léinn go gcuidíonn an cor agus cúiteamh a théann leis an rang oidis a gcuid Gaeilge labhartha a fhorbairt chomh maith agus mheasadar go bhféadfaí tuilleadh ama a chaitheamh ar labhairt na Gaeilge i gcoitinne.

***Measúnú,Comhairle,Ionadaíocht***

Déantar measúnú ar an chúrsa ar bhealaí éagsúla, idir scrúduithe scríofa ollscoile ag deireadh na seimeastar, scrúduithe ranga, measúnú leanúnach i bhfoirm aistí i rith na seimeastar, scrúduithe béil, cur i láthair sna ranganna, freastal ar ranganna teagaisc agus oidis, agus rannpháirtíocht sna ranganna sin. Feictear dúinn go bhfuil measúnú na gcúrsaí go breá ar an mórgóir agus go bhfuil na marcanna atá á dtabhairt don mheasúnú leanúnach cothrom. Tá scálaí na marcála do na leibhéil éagsúla agus do na béalscrúduithe sásúil freisin. Cuireadh ar ár súile dúinn, áfach, go bhfuil deacracht ann leis an chóras cúitimh faoi láthair mar go bhfaigheann mic léinn a dteipeann orthu pas a fháil sa teanga cead amanta ó Bhord na Scrúduithe leanstan ar aghaidh (Teip

Theicniúil). Molaimid don Dámh athbhreithniú a dhéanamh ar an cheist seo arís mar go gcruthaíonn sé fadhbanna níos faide amach sa chúrsa agus cuireann lagmhisneach ar an fhoireann nuair a thiteann sé amach.

De ghnáth, tugtar aiseolas maith do na mic léinn faoin obair chúrsa agus faoi na scúduithe. Tá brú ar an fhoireann, áfach, i ngeall ar líon ard na mac léinn an t-aiseolas a thabhairt ar ais i gcónaí in am trátha agus molaimid monatóireacht rialta a dhéanamh ar an ghné tábhachtach seo de obair na Roinne.

Feictear dúinn nach bhfuil go leor comhairleoirí ann i mblianta áirithe den chúrsa agus go leagtar an iomarca oibre agus freagrachta ar chuid díobh: níor mhiste go ginearálta tuilleadh comhairleoirí a bheith ann sna blianta a bhfuil líon an-ard mac léinn iontu. Tá sé tábhachtach freisin go mbeidh ionchur rialta ag mic léinn maidir le ceisteanna a bhaineann le measúnú leanúnach, comhairle agus gnaithe feiliúnacha eile. Dealraíonn sé go bhfuil an córas ag feidhmiú go maith faoi láthair agus molaimid dá réir sin súil a choinneáil ar oibriú éifeachtach Choiste na Mac Léinn agus na Foirne sna blianta éagsúla den chúrsa. Is dóigh linn nach leor ionadaíocht ósna mic léinn ar Bhord na Scoile chun déileáil i gceart leis an ábhar seo.

**Teagasc agus Foghlaim: Iarchéimeanna**

Tá cúrsaí éagsúla á dtairiscint ag an Roinn ag leibhéal na hiarchéime**,** ina measc an MA, an MLitt, agus an PhD. Cúrsa modúlach is ea an MA múinte a bhfuil 90 ECTS ag siúl leis, 60 ar mhodúil teagaisc agus 30 ar mhiontráchtas. Tá an cúrsa leagtha amach i TF, áit a bhfuil cur síos ar na haidhmeanna agus na modúil. Ceann de na haidhmeanna atá aige traenáil a chur ar fáil do mhic léinn i modhanna taighde sa tslí go mbeidh siad inniúil ar an mhiontráchtas a scríobh agus go mbeidh ar a gcumas dul ar aghaidh chun taighde a dhéanamh ag leibhéal an MLitt nó na dochtúireachta. Tá sé seo inmholta agus ba cheart go gcuirfeadh sé bonn maith faoi na céimeanna taighde san fhadtéarma. De réir TF (§2.4.9.3.5, lth. 62), chláraigh 33 mac léinn don MA ó bhí 2004 ann. Cé nár chríochnaigh cuid de na mic léinn an tráchtas, agus gur cúis bhuartha é seo don Roinn, ní raibh sé soiléir ón cháipéisíocht cén líon mac léinn go baileach nár chríochnaigh le bhféadfadh na measúnóirí seachtracha an cás a mheas mar is ceart. Tugann TF le fios go bhfuair mic léinn poist tar éis dóibh bliain a chaitheamh ag dul don chúrsa agus go raibh baint éigin aige seo leis an scéal. Moltar i TF gur ceart, b’fhéidir, cúrsa lánaimseartha seachas cúrsa páirtaimseartha a dhéanamh as. Is dóigh linn nach miste staidéar gairid margaíochta a dhéanamh ar an ábhar sula ndéanfar cinneadh cinnte ina thaobh. Cúis sásaimh is ea é go bhfaigheann mic

léinn Dioplóma Iarchéime sa chás nach gcríochnaíonn siad an miontráchtas ach go n-éiríonn leo sna scrúduithe.

**Taighde**

De réir TF, ó 2004 chláraigh 15 don MLitt. Ósna statisticí a chuir an Cláraitheoir ar fáil dúinn, tá céadatán réasúnta ard díobh seo sa chóras fós sa tslí gur dóiche go mbeidh an ráta pas níos airde ná an cúigear ar bronnadh an chéim orthu go dtí seo. Cé go bhfuil sé deacair a chinntiú cá mhéad mac léinn PhD atá cláraithe faoi láthair, is léir ósna staitisticí a fuaireamar go bhfuil obair an-fhiúntach ar siúl sa Roinn ag leibhéal na dochtúireachta agus leibhéal an MLitt araon agus go gclúdaíonn na tráchtais réimse leathan ábhar. Cuideoidh an córas nua struchtúrtha atá beartaithe don PhD ó Mheán Fómhair 2010 amach le tuilleadh gairmiúlachta fós a chur faoi obair na Roinne ag leibhéal na hiarchéime taighde. Tuigimid ó Dhéan na nIarchéimeanna go mbeidh 15 poinnte ECTS ag dul ar scileanna faoi leith san ábhar a gcaithfidh an t-ábhar féin a ainmniú, go mbeidh córas daingean stiúrthóireachta ann, agus go mbeidh ar mhic léinn tuairisc bhliantúil a scríobh ar dhul chun cinn a gcuid oibre.

Luaigh duine de iarchéimithe na Scoile linn nach ceadmhach dóibh seimineáir nó léachtaí a thabhairt. Is dóigh linn gur cuid thábhachtach de thraenáil na n-iarchéimthe é roinnt uaireanta an chloig teagaisc sa seimistear a bheith acu má thograíonn siad a leithéid a dhéanamh. Is cleachtas é atá coitianta in Ollscoileanna eile agus molaimid go n-aireofaí é mar chuid den traenáil. Maidir le scileanna seánra, cuireadh in iúl dúinn gur tugadh na seimineáir ar fad trí mheán an Bhéarla. Níor mhiste, más féidir é, cuid de na seimineáir seo a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge chomh maith.

Bíonn taighde ar siúl ag bunús na mball foirne, baill foirne óga fuinniúla san áireamh atá tar éis teacht chun cinn le blianta beaga anuas. Foilsíonn baill na Roinne in irisí éagsúla léinn agus cuireann siad a gcuid taighde i láthair don saol acadúil agus don phobal araon ag comhdhálacha acadúla agus ag cruinnithe ar fud na tíre. Is iad réimsí na teangeolaíochta, stair na litríochta agus na saíochta, agus na critice na hábhair léinn is mó a ndéantar ionramháil agus taighde orthu agus tá clú náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach ag cuid den fhoireann ar fheabhas a chuid foilseachán agus scoláireachta. Déantar taighde freisin ar logainmneacha, ar fhoclóireacht, ar ainmneacha pearsanta, ar stílíocht, agus ar an tsraith Ultach.

Imríonn baill foirne na Roinne páirt shuntasach i gcur chun cinn scoláireacht agus taighde na Gaeilge agus na Ceiltise ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chomhdhálacha agus siompóisiaim a reachtáil. Bhí baill sinnseartha na Roinne freagrach as comhdháil ar Sraith Ultach na Scéalaíochta, agus Teangeolaíocht na Gaeilge, tá dlúthbhaint le *Ainm*, agus tá comhleacaithe ón Roinn páirteach i Societas Celto-Slavica agus Societas Celtologica Nordica. Baill sinnseartha na Roinne a chuir *Ulidia* 2 agus *Béalra* (imeachtaí Chomhdháil de chuid Teangeolaíocht na Gaeilge) in eagar le gairid. Eagraíonn an Roinn comhdháil bhliantúil sa tsraith Léachtaí Cholm Cille a bhfuil clú leitheadach air i measc phobal agus lucht léinn na Gaeilge le fada an lá. Leagtar eagrú na Comhdhála mar chúram go hiondúil ar bhaill de chuid na Roinne agus foilsítear imeachtaí na Comhdhála sa tsraith *Léachtaí Cholm Cille*. Tá baint lárnach le fada ag Ceann na Scoile leis an chomhdháil agus ba é a d'eagraigh, in éineacht le comhleacaí eile, comóradh mór 2010. Chaith Ollamh na Nua-Ghaeilge roinnt mhaith blianta chomh maith mar eagarthóir ar an tsraith. Ina theannta sin ar fad, is í an Roinn atá freagrach as an sraithleabhar, *Bliainiris*, a fhoilsiú.

Tuigimid go n-imreoidh An Foras Feasa, institiúid taighde sna daonnachtaí a ghnóthaigh 6m. euro i 2006, páirt thábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus do mhic léinn taighde. Cheana féin, bronnadh scoláireacht 3 bliana ar mhac léinn de chuid na Nua-Ghaeilge agus tá comhalta eile ón Fhoras ag obair faoi stiúir na Roinne. Molaimid an comhoibriú seo agus bheimis ag súil leis go gcuideoidh an Foras chomh maith leis an Roinn maoiniú breise a lorg le haghaidh tionscnamh taighde dá cuid féin a aimsiú agus a chur ar bun.

Chun gur féidir leis an Roinn an caighdeán ard scoláireachta a chaomhnú, tá sé an-tábhachtach go mbeidh deis ag an fhoireann saoire shabóide a fháil go rialta. Cé go bhfuil brú ar an Roinn faoi láthair i ngeall ar easpa foirne a bheith ann, ní mór seans a thabhairt do na baill foirne, agus go háirithe dóibh siúd a bhfuil ualach trom teagaisc agus riaracháin orthu, saoirse a fháil chun a gcuid taighde a chur i gcrích.

**Seirbhísí Tacaíochta**

Seachas an tacaíocht laethúil a ba chóir a bheith ann ó riarthóir lánaimseartha Scoile, a bhfuil trácht déanta againn air cheana féin, tá seirbhísí tábhachtacha eile á gcur ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn ag an Leabharlann, ag Ionad na dTeangacha, agus ag Ionad Ríomhaireachta na hOllscoile. Tá scéim duaiseanna agus scoláireachtaí inmheánacha ann chomh maith le cuidiú le mic léinn a bhaineann an chéad agus an dara háit amach í scrúduithe na Chéad Bhliana agus na

Dara Bliana. Is mór an spreagadh iad na duaiseanna seo agus is breá amach an rud é freisin go bhfuil scoláireachtaí iarchéime Rialtas na hÉireann ann chun gur féidir le mic léinn leanacht ar aghaidh le taighde a dhéanamh. Tá moladh mór tuillte ag an Roinn gur ghnóthaigh cúigear mac léinn na scoláireachtaí ón uair a cuireadh tús leis an scéim.

Tá de dhualgas ar gach mac léinn tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht idir an Dara agus an Tríú Bliain agus tá ceithre ionaid éagsúla ar fud na Gaeltachta a dtéann siad chucu – Rann na Feirste, an Ceathrú Rua, Dún Chaoin, agus Ráth Cairn. Tá na cúrsaí seo an-tábhachtach maidir le líofacht a bhaint amach sa teanga agus tá cainteanna ar bun faoi láthair le hIonad Oidhreachta an Bhlascaoid chun bonn níos daingne a chur faoin chomhoibriú idir an Roinn agus an tIonad. Tá tagairt ghairid déanta againn do na pleananna sin thuas. Is dóigh linn go dtuigeann an Ollscoil tábhacht an chúrsa Gaeltachta agus molaimid í ar son íoc as leath de chostas an chúrsa.

Ó tharla nár bhuaileamar le ball de chuid na Leabharlainne, níl fúinn cur síos go mion anseo ar na seirbhísí barrthábhachtacha sin a chuireann an Leabharlann ar fáil don Roinn. Is ceart a lua, áfach, go bhfuil cnuasach clúiteach lámhscríbhinní Gaeilge agus aircív a bhaineann leis na Coláistí Éireannacha ar an Mhór-Roinn i Leabharlann an Ruiséalaigh (cuid díobh ar fáil go leictreonach anois). Áiseanna an-bhreá taighde is ea iad seo don fhoireann agus do mhic léinn araon. Bhí brú mór spáis agus fadhbanna eile ann san am atá caite i Leabharlann Eoin Pól II ach tuigimid go réiteofar cuid mhór de na fadhbanna sin nuair a bheas an foirgneamh nua leabharlainne tógtha.

I measc na gcúrsaí atá a dtairiscint ag an Roinn, tá an Dioplóma sa Ghaeilge. Cúrsa dhá bhliain is ea é atá dírithe ar dhaoine a bhfuil caighdeán na hArdteistiméireachta acu cheana agus atá ag iarraidh cur lena gcumas sa teanga. Is i bpáirt le hIonad na dTeangacha atá sé á thairiscint agus tá rachairt an-mhór air. Soláthraíonn an tIonad cúrsaí eile Gaeilge a bhfuil ag éiri go han-mhaith leo, ina measc an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht, Teastas Eorpach na Gaeilge, agus An Teastas i Múineadh na Gaeilge do Aosaigh.

Is é Ionad na dTeangacha chomh maith a sholáthraíonn na ranganna i labhairt na Gaeilge don Roinn. Teagascóirí de chuid an Ionaid, cainteoirí dúchais Gaeilge, a chuireann na ranganna seo ar fáil. Cuireann an tIonad ábhar teagaisc agus áiseanna foghlama ar fáil freisin, ábhar taifeadta san áireamh, agus tugtar cúnamh do mhic léinn in úsáid an trealaimh agus acmhainní éagsúla eile. Tugtar tacaíocht chomh maith dóibh siúd ar mian leo úsáid bhreise a bhaint as na hacmhainní foghlama.

Is léir go bhfuil bonn an-mhaith faoin Ionad agus tá an Stiúrthóir agus an fhoireann le moladh go hard as a bhfuil curtha i gcrích acu. Is léir freisin go gcuireann an tIonad tacaíocht an-bhunúsach agus an-tábhachtach ar fáil don Roinn agus nach mór mar sin cumarsáid den scoth a bheith ann idir an dá institiúid. De thairbhe go bhfuil labhairt na Gaeilge agus teagasc na teanga i gcroílár fheallsúnacht na Roinne, is dóigh linn gur cóir duine a cheapadh a bheidh freagrach as taobh seo na teangan ar fad (cúrsa na Gaeltachta san áireamh) ón chéad bhliain go dtí an tríú bliain. D'fheidhmeodh an duine sin mar dhroichead idir an Roinn agus an tIonad.

**Timpeallacht na hOllscoile**

De réir Acht na nOllscoileanna 1997, tá cur chun cinn na Gaeilge ar phríomhaidhmeanna na nOllscoileanna in Éirinn. Tá, mar sin, Oifigeach Gaeilge agus Oifigeach na dTeangacha Oifigiúla fostaithe ag an Ollscoil agus iad ag feidhmiú ar bhonn ginearálta chun an Ghaeilge a chur chun tosaigh. Tá comharthaíocht na hOllscoile dhátheangach tríd síos anois. Cuidíonn Oifigeach na dTeangacha Oifigiúla chun tionscnaimh nua a thosú, chun ranganna Gaeilge a chur ar fáil do fhoireann na hOllscoile, agus chun tacaíocht a thabhairt do Chuallachtaí, ar nós Cuallacht Cholm Cille, cumann Gaelach na hOllscoile. I measc rudaí eile, eagraíonn an Chuallacht ciorcail chomhrá agus turais chultúrtha agus sóisialta go hionaid lasmuigh den Ollscoil. Is i bpáirt le hOifig na Gaeilge a eagraítear Seachtain na Gaeilge agus turais go leithéidí Scoil Gheimhridh Chumann Meriman agus Oireachtas na Gaeilge. Ón chomhrá a bhí againn le hOifigeach na dTeangacha Ofigiúla, measaimid nár mhiste polasaithe níos cruinne, níos uileghabhálaí, agus níos nasctha le chéile ('joined-up') a bheith ann i dtaca le cur chun cinn na teanga san Ollscoil agus molaimid dá réir sin Coiste na Gaeilge nó Bord na Gaeilge a bhunú.

## Moltaí: Scoil an Léinn Cheiltigh

Tá sé den mhórthábhacht go leagfar síos go soiléir agus go hoscailte na dualgais agus na cearta éagsúla atá ag Ceann na Scoile ar láimh amháin agus ag Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge agus Ceann Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge ar an láimh eile. Cothaíonn easpa chinnteachta agus soiléireachta imní agus míshásamh agus molaimíd dá réir sin go leagfar síos (i bhfoirm liosta b'fhéidir) chomh soiléir agus is féidir dualgais na Ranna agus na Scoile faoi seach agus go bhféachfar leis na fadhbanna atá ann faoi láthair a réiteach. Ba cheart, mar shampla, gur ag Ceann na Scoile a bheadh freagracht riarachán ginearálta na Scoile agus gur ag na Ceanna Ábhair a bheadh freagracht na gcúrsaí acadúla laistigh dá réimsí disciplíneacha féin.

Ceist eile a tháinig chun cinn mar ábhar imní ba ea dáileadh bhuiséad na Scoile. Níor mhór cur chuige soiléir cothrom a bheith ann i dtaca le maoiniú na n-ábhar a thomhas agus go n-aistreodh Ceann na Scoile cár bith suimeanna a bheadh  dlite dóibh don dá Roinn. Dháilfeadh Ceann na Scoile cár bith deontais a bheadh ann le haghaidh tionscnaimh Scoile. Maidir le caiteachas a cheadú agus a iniúchadh, ba cheart córas a bheith ann ina gceadódh Ceann na Scoile caiteachas na gCeanna Ábhair agus an Déan caiteachas Cheann na Scoile.

Ba chóir go gcomhoibreodh an dá Cheann Ábhair agus Ceann na Scoile le chéile chun pleanáil straitéiseach a fhorbairt don Scoil agus chun comh-thionscnaimh idir baill na Scoile a chur ar bun. D'fhéadfaí comhoibriú a bheith ann freisin maidir le maoiniú taighde agus tuilleadh spáis a fháil.

Molaimid ar leibhéal praiticiúil go gcuirfear seimineár taighde Scoile ar bun chun deis a thabhairt do bhaill foirne comhoibriú lena chéile ar bhonn rialta. Chuideodh a leithéid le tionscnaimh nua taighde agus modúil iarchéime Scoile a spreagadh agus a phleanáil.

**Moltaí don Ollscoil**

Tá cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar Scoil na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh Má Nuad as a bhfuil curtha i gcrích aici thar na blianta, agus tá ard-mheas dá réir sin tuillte ag an Scoil ón phobal scoláireachta. Tá foireann ábalta ghairmiúil ag an Scoil a bhfuil caighdeán den scoth bainte amach acu i gcúrsaí teagaisc agus taighde. Bhí na mic leinn ar fad an-mholtach ar obair na Scoile agus chuaigh a gcuid díograise agus spéise i leith an ábhair agus na gcúrsaí i bhfeidhm go mór orainn. Ba léir go raibh oscailteacht aigne agus spiorad na hintleachta agus na cruthaitheachta chun tosaigh sa Scoil agus go raibh dáimh mhór ag na mic léinn leis an fhoireann teagaisc.

Chun stádas ard na Scoile a chaomhnú agus a fhorbairt, molaimid

- go líonfar Ollúnacht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge chun ceannasaíocht a chur ar fáil i gcúrsaí teagaisc agus taighde.

- go líonfar léachtóireacht sa Nua-Ghaeilge (le speisialtacht i réimse na teanga más féidir).

- go gceapfar riarthóir gairmiúil a luaithe agus is féidir chun déileáil le riachtanais na Scoile agus leathphost rúnaíochta chun cuidiú le Roinn an Sean- agus na Meán-Ghaeilge.

Ní féidir leanstan ar aghaidh mar atá faoi láthair nuair is ar an fhoireann shóiséarach agus ar iarchéimithe a thiteann na dualgais seo.

**Moltaí Breise don Ollscoil, don Scoil, agus do Roinn na Nua-Ghaeilge**

- go gcuirfear staitisticí oifigiúla ar fáil ar líon na mac léinn atá ag dul do gach cúrsa agus gach módúl sa tslí gur féidir lorg na mac léinn agus líon na bpasanna agus na dteipeanna a leanstan ó bhliain go bliain.

- go gcuirfear tuilleadh spáis ar fáil don Scoil, go háirithe do theagascóirí agus d'iarchéimithe.

- go bhféachfar chuige comhoibriú níos éifeachtaí a chur ar bun leis na hionaid éagsúla atá ag plé leis an Ghaeilge san Ollscoil agus go ndéanfar plé ar Coiste Gaeilge nó Bord Gaeilge a bhunú san Ollscoil.

- go lonnófar baill na Scoile ar fad san fhoirgneamh agus sa láthair céanna. Tuigimid go bhfuil cuid den fhoireann scoite amach ósna baill eile.

- muna bhfuil sé déanta cheana féin, go gcuirfear eolas ar fáil sna Lámhleabhair faoi aidhmeanna agus spriocanna na gcúrsaí agus faoi na scileanna atá le hinsealbhú.

- go ndéanfar athbhreithniú ar líon na gcomhairleoirí atá ag teastáil sna blianta éagsúla de chéim na Nua-Ghaeilge.

- go bpléifear ceist na cothromaíochta idir acadúlacht agus praiticiúlacht i gcúrsa na bunchéime sa Nua-Ghaeilge agus go bpléifear pleananna don Ghaeltacht sa chomhthéacs seo.

- go bpléifear ceist shruthú na mac léinn sna ranganna teanga agus oidis.

- go ndéanfaidh an Dámh athbhreithniú ar an chóras cúitimh sna scrúduithe a cheadaíonn do mhic léinn Gaeilge pas a fháil nuair is Teip Theicniúil atá acu i ngeall ar gur theip orthu pas a fháil sa teanga.

**Professor Máire Herbert**
**External Reviewer**

**Professor Séamus Mac Mathúna**
**External Reviewer**

**Dr Thomas O'Connor**
**Internal Reviewer**

**Dr David Redmond**
**Internal Reviewer**